Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2016 - Staidéar Foirgníochta

Treoracha d'Iarrthóirí maidir le hobair chúrsa bharántúil a ullmhú agus a chur i láthair go heiticiúil le haghaidh measúnú

1. ***Obair a rinne tú féin go phearsanta*** a chaithfidh a bheith san obair chúrsa a chuireann tú ar fáil le haghaidh measúnú.

2. Is ***ortsa*** mar iarrthóir atá an dualgas cloí leis na treoracha seo. Mura gcloínn tú leis na treoracha seo, ní bheidh ar chumas do mhúinteora a dheimhniú go bhfuil d'obair chúrsa bailí ná a s(h)íniú a chur léi.

3. ***Dhá*** mhír a chaithfidh a bheith san obair chúrsa a chuirfidh tú ar fáil le haghaidh measúnú:

- ***déantúsán*** agus
- ***fillteán dearaidh / tuairisc***.

4. Ionas gur féidir leis an múinteoir a dheimhniú go bhfuil d'obair chúrsa bailí, agus chun a chinntiú go mbaineann na srianta céanna le gach iarrthóir, ní mór an déantúsán ***ina iomláine*** a dhéanamh ***sa scoil faoi mhaoirseacht do mhúinteora ranga.***

5. Ní cóir do dhéantúsán a thabhairt amach as an scoil ***ar chúis ar bith*** nó má thugtar, áireofar d'obair chúrsa a bheith neamhbhailí agus ní bhronnfar marcanna ar bith as í a dhéanamh.

6. Ní mór duit obair chúrsa ar leith de do chuid féin a chur ar fáil. Níl grúpobair chúrsa inghlactha le haghaidh measúnú.

7. Más iarrthóir thú atá ag déanamh an scrúdaithe athuair, ní mór duit obair chúrsa nua a dhéanamh a bheidh ag teacht leis na treoracha seo. Níl cead agat an fillteán ná an déantúsán céanna a chur ar fáil le haghaidh measúnú an dara huair.

8. Is gá go sásódh an obair chúrsa na riachtanais don obair chúrsa atá leagtha síos i siollabas an Staidéir Foirgníochta. Chun cloí le treoir 4 thuas, ***ní mór duit*** obair chúrsa a roghnú ar féidir í a dhéanamh laistigh den tréimhse ama a bhíonn tú faoi mhaoirseacht sa scoil agus ní cóir a úsáid ach an trealamh agus na hábhair atá ar fáil sa scoil. Ní mór duit aontú ar d'obair chúrsa le do mhúinteoir ranga.

9. Ní mór taifead a bheith i d'fhillteán dearaidh ar an obair thurgnaimh / shaotharlainne a rinne tú féin ***go pearsanta*** le linn an chúrsa. Ní mór fianaise a bheith san fhillteán dearaidh go ndearna tú féin an obair. Moltar go mbeadh baint ag d'obair thurgnaimh leis an obair chúrsa a dhéanann tú, agus moltar duit ***trí*** thurgnamh a dhéanamh agus tuairisc a scríobh orthu.

10. Is cóir duit tabhairt faoi réimse leathan de ghníomhaíochtaí taighde. Ní mór duit na foinsí taighde a úsáidtear, an tIdirlíon san áireamh, a admháil. Má chóipeálann tú ábhar taighde go díreach ón Idirlíon nó ó fhoinsí eile agus má chuireann tú i láthair mar do chuid oibre féin é, ní bhronnfar marcanna ar bith as.

11. Ba chóir go mbeadh taifead i d'fhillteán dearaidh ar iomlán an phróisis déantúsaíochta. Ba chóir go mbeadh grianghraif agus/nó sceitsí san áireamh de réir mar is cuí.

12. Má bhíonn cosúlachtaí soiléire idir do chuidse obair chúrsa agus obair chúrsa iarrthóra eile, sa déantúsán nó san fhillteán dearaidh, ní bhronnfar marcanna ar bith ort as obair chúrsa dá leithéid.

13. Ní mór do scrúduimhir a bheith le feiceáil go soiléir ar do dhéantúsán agus ar d'fhillteán dearaidh ***araon***.

14. Ní mór an obair chúrsa go léir a bheith críochnaithe faoi ***Dé hAoine, 22 Aibreán 2016,*** ar a dhéanaí.

15. Beidh ar do mhúinteoir Staidéar Foirgníochta agus ar phríomhoide na scoile cáipéis a shíniú ar ball a dhearbhóidh gur lean tú na treoracha seo. Dearbhóidh sé sin go bhfuil d'obair chúrsa bailí. Ní mór dóibh Coimisiún na Scrúduithe Stáit a chur ar an eolas mura leanann tú iomlán na dtreoracha. Má chuireann tú isteach obair chúrsa nach féidir leo a dhearbhú a bheith bailí, ní bhronnfar marcanna ar bith ort as comhpháirt na hoibre cúrsa.

Nóta:

- *Tá na cúinsí ina bhféadfadh an tAire Oideachais agus Scileanna marcanna a choimeád siar ó iarrthóirí leagtha amach in* Na Rialacha agus an Clár do Mheánscoileanna.
- *Aon duine a chuidíonn le hiarrthóir rialacha na scrúduithe a bhriseadh, is féidir é a ionchúiseamh faoin Acht Oideachais, 1998.*